snasTV
NUACHT TG 4

Paráid na Samhna

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi pharáid na Samhna a chuir an comhlacht taispeántais Macnas ar siúl i nGaillimh. Bígí ag obair i mbeirteanna. Féachaigí ar an bhfíseán a chuirfidh an teagascóir ar siúl agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad a cheapann sibh faoin bparáid san fhíseán?

2. Cad a cheiliúrtar Oíche Shamhna? Cén fáth a gcreidtí go raibh an teorainn idir an saol seo agus an Saol Eile an-tanaí an oíche sin?

3. Déanaigí cur síos ar Oíche Shamhna nuair a bhí sibh óg. Conas a cheiliúrann sibh an fhéile anois?

4. An bhfuil an iomarca tionchair ag cultúr Mheiriceá ar Oíche Shamhna in Éirinn anois, dar libh? Ar cheart dúinn níos mó a dhéanamh chun na sean-nósanna a chaomhnú?

5. Is i nGaillimh a bunaíodh Macnas. An bhfuil cur amach agat féin ar chanúint na Gaillimhe? An féidir leat roinnt tréithe a bhaineann leis an gcanúint sin a lua? An bhfuil canúint ar leith agaibh féin nó meascán de chanúintí? Cé acu canúint is deacra a thuiscint, dar libh, agus cén fáth?



B: FOCLÓIR

1. Beidh an leagan Gaeilge de na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as **www.focloir.ie** chun cuidiú leat, más gá.

a) *celebrating forty years*	
b) *in existence, operating (lit. 'on the sod')*	
c) *spectacular, dramatic*	
d) *the wildness of the west*	
e) *performers*	
f) *production crew*	
g) *craftwork, crafts*	
h) *enchanted, spellbound*	
i) *capital city*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. '*Tabharfaidh* an pharáid *aghaidh ar* Bhaile Átha Cliath' – Cad is brí le *tabhair aghaidh ar* sa sampla sin? Tá brí eile leis an bhfrása freisin. Cad í?

_____



C: TUISCINT

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cén fáth a bhfuil paráid na bliana seo speisialta? Luaigh dhá rud.

2. Cad is ainm don pharáid, agus cén bhaint atá ag an ainm leis an obair a dhéanann Macnas?

3. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn an cur síos a dhéanann Sinéad Ní Neachtain ar Macnas?

   A. Comhlacht beag áitiúil nach ndéanann ach paráid amháin sa bhliain.
   B. Comhlacht idirnáisiúnta taispeántais atá dhá scór bliain ar an bhfód.
   C. Grúpa deonach a bunaíodh go speisialta d'Oíche Shamhna daichead bliain ó shin.
   D. Comhlacht nua a chuir a chéad pharáid ar siúl Oíche Shamhna na bliana seo.

4. Cá ndeachaigh an pharáid?

5. Tagann taibheoir paráide chun cainte le Sinéad. Cad a thugann sí faoi deara agus cad atá á lorg aici?

6. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn an méid a deir Sinéad faoin 350 duine atá ag obair ar an taispeántas?

   A. Is meascán iad de thaibheoirí, lucht léiriúcháin agus ceardaíochta.
   B. Is taibheoirí iad ar fad atá ag obair le chéile le fada.
   C. Is oibrithe deonacha ó Ghaillimh agus ó Bhaile Átha Cliath iad.
   D. Is mic léinn drámaíochta iad atá sa dara bliain in Ollscoil na Gaillimhe.

7. Is í seo an chéad uair a ghlac Macnas páirt i bhFéile Bram Stoker.

   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Pointí teanga éagsúla)

Féach ar an tras-scríbhinn thíos agus cuir an leagan ceart de na focail idir lúibíní sna spásanna.

Siún Nic Gearailt
Anseo ag baile, 1. (bailigh) _____ na mílte ar shráideanna na Gaillimhe tráthnóna do 2. (Paráid) _____ na Samhna le Macnas, atá ag ceiliúradh daichead bliain ar an bhfód i mbliana. *Fiáin* an teideal atá ar an bparáid agus ceiliúradh á dhéanamh ar fhiántas an 3. (iarthar) _____ atá ina inspioráid don obair a bhíonn ar bun ag Macnas.

Sinéad Ní Neachtain
Ba thaibhseach an taispeántas a bhí ag Macnas anocht i gcroílár na Gaillimhe. Tá an comhlacht idirnáisiúnta 4. (taispeántas) _____ ag ceiliúradh dhá scór bliain ar an 5. (fód) _____ i mbliana.

Fiáin an teideal atá ar an bparáid agus ceiliúradh á 6. (déanamh) _____ ar fhiántas an iarthair atá ina inspioráid don obair a bhíonn ar bun ag Macnas.

Bhí paráid na bliana seo ar an 7. (ceann) _____ is mó riamh, le haon cheann déag de fhlótaí a rinne a mbealach ó Ollscoil na Gaillimhe go Bóthar Eglinton, síos Sráid na Siopaí chomh fada le Stáisiún Dóiteáin an 8. (Cladach) _____.

Taibheoir paráide
Cén chaoi a bhfuil sibh? Tá mé ag breathnú ar an 9. (ór) _____. Tá mé ag breathnú ar an ór an t-am ar fad, bíodh a fhios agat. Tá mé á chuartú. Tá fáinne deas ort, nach bhfuil? Tá sé ag teastáil.

Sinéad Ní Neachtain
350 duine atá ag obair ar an taispeántas seo – idir thaibheoirí, agus lucht léiriúcháin agus ceardaíochta – a 10. (cruthaigh) _____ go leor de na píosaí atá ag cur gach 11. (bí) _____ anseo faoi dhraíocht.

Tabharfaidh an pharáid aghaidh ar Bhaile Átha Cliath tráthnóna amárach d'Fhéile Bram Stoker atá á reáchtáil ag Comhairle Cathrach 12. (Baile Átha Cliath) _____ mar chuid de cheiliúradh na Samhna sa bpríomhchathair.

2: Cruinneas gramadaí (An Caighdeán Oifigiúil vs. canúint Chonnacht)

Tá canúint Chonnacht ag na cainteoirí sa mhír (seachas ag an láithreoir nuachta, Siún Nic Gearailt). Féachaigí ar na samplaí thíos. Conas a scríobhfaí iad sa Chaighdeán Oifigiúil?

Sa mhír	Sa Chaighdeán Oifigiúil
sa bpríomhchathair	
Tá mé á chuartú.	

E: CUMARSÁID

1: Caint – Dhá bhréag

Inseoidh gach duine sa rang scéal faoi ócáid ar fhreastail siad uirthi ach beidh dhá bhréag mar chuid de gach scéal.

a) **Ullmhú (5 nóiméad):** Smaoinigh ar pharáid, ar sheó, ar cheolchoirm, ar scannán sa phictiúrlann nó ar ócáid eile ar fhreastail tú uirthi. Ullmhaigh do sheal cainte agus bí cinnte dhá shonra bhréagacha a chur isteach ann. Bíodh na bréaga inchreidte! Smaoinigh ar na ceisteanna seo:


- Cá háit agus cathain a bhí an ócáid ar siúl?
- Cé a bhí in éineacht leat?
- Cad a chonaic tú agus cad a chuala tú?
- Conas a bhí an slua agus an t-atmaisféar?
- Cad é an rud ab fhearr / ba mheasa?
- Conas a mhothaigh tú ina d(h)iaidh?



b) **Inis do scéal:** Inis don rang faoin ócáid (1 – 2 nóiméad). Bain úsáid as an aimsir chaite agus as cuid den fhoclóir ón mír.

c) **Aimsigh na bréaga:** Éistigí go cúramach le gach scéal. Is féidir le gach duine ceist amháin a chur ar an scéalaí. Bainigí úsáid as frásaí ar nós na gceann thíos agus sibh ag caint faoi na bréaga:

Ní chreidim go raibh …
Tá amhras orm faoi …
Ní fhéadfadh sé sin a bheith fíor mar …
Is dóigh liom nach bhfuil sé fíor go …
Creidim thú faoi … ach …



2: Scríobh – Tuairisc nuachta

Is iriseoir le Nuacht TG4 thú. Scríobh tuairisc ghearr (150 – 200 focal) ar fhéile, ar pharáid nó ar ócáid mhór a bhí ar siúl i do cheantar féin. Bain úsáid as cuid de na focail agus frásaí ón mír.

Cad a tharla? Cá háit? Cé a bhí páirteach? Cad a bheidh ar siúl ina dhiaidh seo?

AN TRAS-SCRÍBHINN

Siún Nic Gearailt
Anseo ag baile, bhailigh na mílte ar shráideanna na Gaillimhe tráthnóna do Pharáid na Samhna le Macnas, atá ag ceiliúradh daichead bliain ar an bhfód i mbliana. *Fiáin* an teideal atá ar an bparáid agus ceiliúradh á dhéanamh ar fhiántas an iarthair atá ina inspioráid don obair a bhíonn ar bun ag Macnas.

Sinéad Ní Neachtain
Ba thaibhseach an taispeántas a bhí ag Macnas anocht i gcroílár na Gaillimhe. Tá an comhlacht idirnáisiúnta taispeántais ag ceiliúradh dhá scór bliain ar an bhfód i mbliana.

Fiáin an teideal atá ar an bparáid agus ceiliúradh á dhéanamh ar fhiántas an iarthair atá ina inspioráid don obair a bhíonn ar bun ag Macnas.

Bhí paráid na bliana seo ar an gceann is mó riamh, le haon cheann déag de fhlótaí a rinne a mbealach ó Ollscoil na Gaillimhe go Bóthar Eglinton, síos Sráid na Siopaí chomh fada le Stáisiún Dóiteáin an Chladaigh.

Taibheoir paráide
Cén chaoi a bhfuil sibh? Tá mé ag breathnú ar an ór. Tá mé ag breathnú ar an ór an t-am ar fad, bíodh a fhios agat. Tá mé á chuartú[1]. Tá fáinne deas ort, nach bhfuil? Tá sé ag teastáil.

Sinéad Ní Neachtain
350 duine atá ag obair ar an taispeántas seo – idir thaibheoirí agus lucht léiriúcháin agus ceardaíochta – a chruthaigh go leor de na píosaí atá ag cur gach a bhfuil anseo faoi dhraíocht.

Tabharfaidh an pharáid aghaidh ar Bhaile Átha Cliath tráthnóna amárach d'Fhéile Bram Stoker atá á reáchtáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chuid de cheiliúradh na Samhna sa bpríomhchathair[2].

Sinéad Ní Neachtain ar Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

[1] *á chuartú* = leagan canúnach de '*á chuardach*'
[2] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Seinn an físeán 'Paráid na Samhna – A – Machnamh'. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

Ceist 2: Ba í an tSamhain tús an gheimhridh. Creideadh go raibh an teorainn idir an saol seo agus an Saol Eile an-tanaí an oíche sin agus go bhféadfadh na mairbh agus na sióga teacht ar ais. Lastaí tinte cnámh agus chaití cultacha chun na spioraid a choinneáil ar shiúl.

Ceist 4: Ba é an tornapa a d'úsáidtí in Éirinn sular tháinig an puimcín ó Mheiriceá; agus thug imircigh Éireannacha go leor de nósanna na Samhna go Meiriceá sa 19ú haois.

Ceist 5: Plé le dhéanamh ar chanúint Chonnacht.

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

a) *celebrating forty years*	*ag ceiliúradh daichead bliain / ag ceiliúradh dhá scór bliain*
b) *in existence, operating (lit. on the sod)*	*ar an bhfód*
c) *spectacular, dramatic*	*taibhseach*
d) *the wildness of the west*	*fiántas an iarthair*
e) *performers*	*taibheoirí*
f) *production crew*	*lucht léiriúcháin*
g) *craftwork, crafts*	*ceardaíocht*
h) *enchanted, spellbound*	*faoi dhraíocht*
i) *capital city*	*príomhchathair*

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leaganacha eile acu (m.sh. *iontach* nó *drámatúil* in áit *taibhseach*; *aisteoirí* in áit *taibheoirí*; *faoi gheasa* in áit *faoi dhraíocht*).
3. Sa mhír, ciallaíonn *tabhair aghaidh ar* dul i dtreo áite (*to head for*). Ciallaíonn sé freisin déileáil le rud deacair (*to face, confront*): *Caithfimid aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.*

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cén fáth a bhfuil paráid na bliana seo speisialta? Luaigh dhá rud.
Tá Macnas *ag ceiliúradh daichead bliain (dhá scór bliain) ar an bhfód; agus ba í an pharáid ba mhó riamh í, le haon fhlóta dhéag.*
2. Cad is ainm don pharáid, agus cén bhaint atá ag an ainm leis an obair a dhéanann Macnas?
Fiáin. Is ceiliúradh é ar fhiántas an iarthair, rud atá ina inspioráid d'obair Macnas.
3. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn an cur síos a dhéanann Sinéad Ní Neachtain ar Macnas?
B.
4. Cá ndeachaigh an pharáid?
Ó Ollscoil na Gaillimhe go Bóthar Eglinton, síos Sráid na Siopaí chomh fada le Stáisiún Dóiteáin an Chladaigh.
5. Tagann taibheoir paráide chun cainte le Sinéad. Cad a thugann sí faoi deara agus cad atá á lorg aici?
Tugann sí faoi deara go bhfuil fáinne deas ar Shinéad agus deir sí go bhfuil sé ag teastáil uaithi. Tá sí ag lorg óir.
6. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn an méid a deir Sinéad faoin 350 duine atá ag obair ar an taispeántas?
A.
7. Is í seo an chéad uair a ghlac Macnas páirt i bhFéile Bram Stoker.
C. Ní deirtear.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Pointí teanga)

Idir lúibíní	Freagra	Míniú
1. (bailigh)	b**h**ailigh	Séimhiú: tá an briathar san aimsir chaite.
2. (Paráid)	P**h**aráid	Séimhiú i ndiaidh an réamhfhocail shimplí *do* (gan an t-alt).
3. (iarthar)	iartha**i**r	Tuiseal ginideach (*fiántas an iarthair*).
4. (taispeántas)	taispeántai**s**	Tuiseal ginideach: ainmfhocal ag cáiliú ainmfhocail eile (*comhlacht taispeántais = a performance company*).
5. (fód)	**bh**fód	Leanann urú réamhfhocal simplí + an t-alt (*ar an*).
6. (déanamh)	d**h**éanamh	Séimhiú ar an ainm briathartha i ndiaidh *á* (= *do* + *a*) nuair is ainmfhocal firinscneach atá i gceist (*ceiliúradh á dhéanamh*). Ach: *obair á déanamh* (baininscneach – gan séimhiú).
7. (ceann)	**g**ceann	Leanann urú réamhfhocal simplí + an t-alt (*ar an*).
8. (Cladach)	C**h**lad**aigh**	Tuiseal ginideach (*an Cladach - Stáisiún Dóiteáin an Chladaigh*).
9. (ór)	ór	Gan athrú: ní chuirtear urú ar ghuta i ndiaidh réamhfhocal simplí + an t-alt (*ar an ór*, *ag an ollscoil*).
10. (cruthaigh)	c**h**ruthaigh	Séimhiú: tá an briathar san aimsir chaite.
11. (bí)	a **bh**fuil	Ciallaíonn *gach a* 'everything that'. Leanann urú agus an fhoirm spleách é: *gach a bhfuil ann (everything that is there)*, *gach a bhfaca mé (everything that I saw)*.
12. (Baile Átha Cliath)	B**h**aile Átha Cliath	Logainm sa tuiseal ginideach i ndiaidh ainmfhocal eile.Seo Foirm an Ainmnigh in ionad an Ghinidigh. Cuirtear séimhiú ar *Baile* (*Comhairle Cathrach **Bh**aile Átha Cliath*, *muintir **Bh**aile Átha Cliath*). Tá *Átha Cliath* sa ghinideach cheana féin.

2: Cruinneas gramadaí (An Caighdeán Oifigiúil vs. canúint Chonnacht)

Freagraí:

Sa mhír	Sa Chaighdeán Oifigiúil
sa bpríomhchathair	*sa phríomhchathair*
Tá mé á chuartú.	*Tá mé á chuardach. / Tá sé á chuardach agam.*

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair 5 nóiméad dóibh a gcuid cainte a ullmhú ina n-aonar. Abair leo bréaga inchreidte a roghnú seachas rudaí áiféiseacha: go raibh an cheolchoirm i gCorcaigh seachas i nGaillimh, mar shampla, nó gur bhuail siad leis an amhránaí ina diaidh. Má tá an rang mór, roinn ina ngrúpaí iad. Ag an deireadh, pléigh na bréaga ab fhearr leis an rang agus ceartaigh aon bhotúin choitianta a chuala tú.

2: Scríobh

Tabhair tamall dóibh an tuairisc a scríobh. Mol dóibh struchtúr tuairisce nuachta a leanúint: an phríomhnuacht san abairt tosaigh, sonraí ina dhiaidh sin agus abairt deiridh (m.sh. *Sinéad Ní Neachtain ar Nuacht TG4 i nGaillimh*).